



Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)  
General Certificate of Education  
2011

---

## Matamaitic

Aonad Measúnaithe C1

*ag measúnú*

Modúl C1: AS Croímhatamaitic 1

[AMC11]

DÉARDAOIN 26 BEALTAINE, MAIDIN

---



AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo. Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

Taispeáin go soiléir forbairt iomlán do fhreagraí.

Ba cheart na freagraí a thabhairt ceart go dtí 3 fhigiúr bhunúsacha mura ndeirtear a mhalairt.

**Níl cead agat aon áis a úsáid sa pháipéar seo le háirimh a dhéanamh.**

### EOLAS D'IARRTHÓIRI

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Tá cóip den **leabhrán Foirmlí Matamaitice agus Táblaí** ar fáil.

**Freagair gach ceann de na hocht gceist.**

**Taispeáin go soiléir forbairt iomlán do fhreagraí.**

**Ba chóir freagraí a thabhairt ceart go dtí 3 fhigiúr bhunúsacha mura ndeirtear a mhalairt.**

**Níl cead agat aon áis a úsáid sa pháipéar seo le háirimh a dhéanamh.**

**1** Trasnaíonn an líne dhíreach

$$y = 5 - 2x$$

an  $x$ -ais ag pointe A.

**(i)** Faigh comhordanáidí A.

[1]

Trasnaíonn an líne dhíreach

$$3x + 5y = 15$$

an  $y$ -ais ag pointe B.

**(ii)** Faigh comhordanáidí B.

[1]

**(iii)** Faigh cothromóid na líne atá comhthreomhar le AB agus a théann tríd an pointe  $(1, -5)$ .

[4]

**2** Réitigh na comhchothromóidí seo thíos

$$\begin{aligned}x + 2y + 3z &= 2 \\x - y + 6z &= 9 \\2x - y + 3z &= 13\end{aligned}$$

[7]


3 (a) Réitigh an chothromóid

$$25^{x-1} = 5\sqrt{5} \quad [5]$$

(b) Simpligh a mhéad agus is féidir

$$\frac{2 + \sqrt{5}}{3 - \sqrt{5}} + \frac{5}{3 + \sqrt{5}} \quad [5]$$

(c) Tá sceitse de ghraf na feidhme  $y = f(x)$  in **Fíor 1** anseo thíos.



Fíor 1

Is iad  $(-2, 1)$  comhordanáidí phointe A.

Sceitseáil an graf de  $y = -f(x)$  agus lipéadaigh íomhá phointe A go soiléir. [2]

4 (a) Faigh cothromóid an normail don chuar

$$y = 4x^2 - 2x^3 - 1$$

ag an pointe mar a bhfuil  $x = 2$  [7]

(b) Má tá


$$y = 8\sqrt{x}$$

taispeáin go bhfuil

$$\left[\frac{dy}{dx}\right]^2 + y\left[\frac{d^2y}{dx^2}\right] = 0 \quad [5]$$

- 5 Taispeánann an léaráid in **Fíor 2** anseo thíos an cuar a bhfuil an chothromóid seo a leanas aige

$$y = (x + p)(x + q)^2$$




Fíor 2

- (i) Scríobh luachanna  $p$  agus  $q$ . [3]

Trasnaíonn an cuar an  $y$ -ais ag  $C$ .

- (ii) Faigh comhordanáidí  $C$ . [2]

- 6 Tá an t-urlár i dteach gloine dronuilleogach  $x$  m ar fad agus  $y$  m ar leithead, mar a thaispeántar in **Fíor 3** thíos.



Fíor 3

Is é  $16.5 \text{ m}^2$  achar an urláir agus is é  $17 \text{ m}$  an imlíne.

Déan dhá chothromóid agus réitigh iad le toisí urlár an tí ghloine a fháil.

[8]

7 Bíonn brioscáin phrátaí ar díol i bpaicéad dar cruth sorcóra **druidte** dar ga  $r$  cm agus darb airde  $h$  cm.

Caithfidh gurb é  $192\pi$  cm<sup>2</sup> achar dhromchla an tsorcóra **druidte**.

(i) Scríobh slonn le haghaidh  $h$  i dtéarmaí  $r$ . [3]

(ii) Taispeáin gur féidir toirt an tsorcóra a scríobh mar

$$V = 96\pi r - \pi r^3 \quad [3]$$

(iii) Faigh toisí an tsorcóra a fhágfaidh go mbeidh an uastoirt aige. [7]

8 (a) Faigh luach  $a$  dá mbíonn

$$x^2 - 4x + a$$

deimhneach i gcónaí. [4]

(b) Faigh an raon luachanna de  $k$  sa dóigh go mbeidh dhá fhréamh réadacha leithleacha i gcónaí ag

$$2x^2 + (k + 2)x - k = 0$$

[8]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---





